Dónall Dubh

Dónall Dubh

Bhí fear ina chónaí i nGleann Áirimh uair amháin. Dónall Dubh a bhí air. Bhí an-suim sa scéalaíocht aige agus ba ghnáth leis dul ó theach go teach i nGlinnte Aontroma ag cruinniú scéalta agus ag inse scéalta. Dhéanadh sé airneál fada. Oíche amháin bhí sé ag teacht abhaile go mall. Bhí sé ag déanamh ar a theach féin. Bhí cónaí air i lár an ghleanna agus bhí an áit iontach uaigneach. Nuair a bhí sé ag tarraingt ar an teach chuala sé trup ag teacht ina dhiaidh. Ar ndóigh bhí eagla air! Nuair a thiontaigh sé thart cad é a chonaic sé ag teacht chuige ach slua sí! Stop na sióga nuair a tháinig siad a fhad leis. Labhair ceannfort na sióg leis.

“A Dhónaill, tá muid ar ár mbealach chuig bainis i dTír Eoghain. Ar mhaith leat dul linn?”

Smaoinigh Dónall air seo. Ní raibh sé i dTír Eoghain go dtí seo ach bhí fadhb aige.

“Níl capall ar bith agam,” arsa Dónall Dubh. Bhuail an tsióg ar bhuachalán a bhí ag fás ar thaobh an bhealaigh mhóir. Rinne sé capall mór bán de.

“Anois tá capall agat. Bí linn!”

Léim Dónall ar an chapall agus ar aghaidh leis. Stad ní dhearna siad go raibh siad i dTír Eoghain. Thuirling siad faoi ghiota de theach na bainise. Nuair a bhí siad ag druidim leis an teach arsa ceannfort na sióg le Dónall:

“Ná habair ainm Dé sa teach seo nó beidh muid i dtrioblóid.”

Chuaigh siad isteach sa teach. Ar ndóigh ní raibh muintir an tí ábalta na sióga ná Dónall a fheiceáil. Mhínigh an ceannfort do Dhónall go raibh siad chun an bhrídeog a fhuadach. Sheas Dónall i lár an tseomra agus uisce lena chár agus é ag amharc ar an bhia ghalánta a bhí ar an tábla. Bhí na sióga ar chreataí an tí agus chuir an ceannfort deoch draíochta san anraith. D’ith an bhrídeog giota den anraith. Faoi dheireadh rinne sí srónfach. D’amharc na

sióga ar a chéile óir bhí a fhios acu go raibh an draíocht ag obair uirthi. Ansin, rinne sí srónfach eile.

“Dia is Muire leat,” arsa Dónall ós íseal dar leis.

Níor luaithe na focail ráite aige ná thit Dónall ó na creataí i lár an tábla. Tháinig eagla ar lucht na bainise. Shíl siad gur taibhse a bhí ann. Thit an bhrídeog i laige agus rith an chuid ba mhó acu amach ar an doras tosaigh. Rith an chuid eile amach ar an doras cúil. Tháinig Dónall chuige féin i lár an tábla. Bhí an bia spréite achan áit. Bhí an t-anraith ar an urlár. Ar ndóigh bhí na sióga i bhfad ar shiúl faoin am seo. D’imigh Dónall amach as an teach seo chomh gasta agus a tháinig leis. Bhí sé i lár Thír Eoghain agus é caillte. Shiúil sé ar feadh trí lá is dhá oíche ag déanamh ar an bhaile. Sa deireadh bhain sé a theach féin amach. Agus ón lá sin go dtí an lá ar cuireadh é ní dheachaigh sé amach go mall.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning